Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2016*

# *Staidéar Foirgníochta*


## *Teoiric - Gnáthleibhéal*

*(200 marc)*

## *Dé hAoine, 17 Meitheamh*
## *Tráthnóna, 2:00 go 4:30*

**(a)** *Freagair **Ceist 1** agus **trí** cheist eile.*
**(b)** *Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.*
**(c)** *Ní mór na freagraí a scríobh i ndúch.*
**(d)** *Ní mór na líníochtaí agus na sceitsí a dhéanamh le peann luaidhe.*
**(e)** *Scríobh uimhir na ceiste go soiléir roimh gach freagra ar leith.*
**(f)** *Ba chóir sceitsí néata saorláimhe a dhéanamh chun tuairiscí scríofa a léiriú.*
**(g)** *Ní mór an t-ainm, na méideanna, na toisí agus na sonraí riachtanacha eile i gcás gach ábhair ar leith a luaitear a bhreacadh ar an líníocht.*


**1.** An balla seachtrach ar theach cónaithe, is blocbhalla coincréite 400 mm é a bhfuil cuas 200 mm ann agus é láninslithe. Is urlár inslithe coincréite é urlár na talún agus tá bailchríoch shaor de chrua-adhmad 20 mm air a bhfuil teanga agus eitre ann.



**(a)** Tarraing, de réir scála 1:5, gearradh ceartingearach tríd an fhotha stéille, tríd an mballa seachtrach agus trí urlár na talún. Taispeáin na gnáth shonraí tógála ó bhun an fhotha go leibhéal atá 400 mm os cionn leibhéal an urláir chríochnaithe. Taispeáin suíomh na bacainne radóin agus cuir isteach **ceithre** ghnáth-thoise ar do líníocht. *Taispeáin leithead 1.0 mhéadar den urlár.*

**(b)** Taispeáin ar do líníocht na gnáth shonraí dearaidh le droichead teirmeach a chosc san áit a mbuaileann an balla seachtrach agus an t-urlár le chéile.


**2**. Tá sé beartaithe ag úinéirí tí an teach a insliú in imeacht méid áirithe blianta, ag tosú le spás an áiléir. Is iad toisí na rachtaí agus ghiarsaí na síleála ná 200 mm × 40 mm. Tá umar stórála an uisce san áiléar, mar a thaispeántar.



**(a)** Tarraing sceitse mór saorláimhe de spás an áiléir. Ar do sceitse, taispeáin gnáth shonraí an dearaidh atá riachtanach le hinsliú ardchaighdeáin a dhéanamh ar **gach** ceann díobh seo a leanas:
- spás an áiléir
- umar stórála an uisce *agus*
- an phíbobair.

**(b)** Pléigh **dhá** chúis a bhfuil spás an áiléir roghnaithe mar an chéad áit a ndéanfar insliú air.

**3.** Taispeántar sa sceitse sorn a dhónn adhmad agus a nasctar le bailitheoir gréine chun uisce te a sholáthar do theach cónaithe. Taispeántar chomh maith sorcóir don uisce te, a bhfuil dhá chorna ann, agus an t-umar borrtha san áiléar.




**(a)** Tarraing sceitse mór saorláimhe den léaráid a thugtar, agus cuir isteach freisin an príomh umar stórála don uisce fuar san áiléar. Taispeáin an phíbobair atá riachtanach chun an sorn a nascadh leis an sorcóir. Bíodh na nithe seo a leanas sa sceitse agat:

- an príomhphíobán ardaitheach agus an príomhumar stórála don uisce fuar
- an sorcóir don uisce te agus an píobán borrtha
- an sorn agus an phíbobair ón sorn go dtí an sorcóir
- na comhlaí riachtanacha uile.

**(b)** Taispeáin freisin ar an sceitse céanna, an phíbobair atá riachtanach chun an bailitheoir gréine ar an díon a nascadh leis an sorcóir.

**(c)** Pléigh **dhá** buntáiste a bhaineann le bailitheoir gréine a chur isteach chun uisce te a sholáthar do theach.

**4.** Tá sé beartaithe ag úinéirí tí cead pleanála a lorg chun spás gréine a thógáil ag binn an tí, mar a thaispeántar sa sceitse.



**(a)** Pléigh **dhá** chúis a bhfuil sé riachtanach cead pleanála a lorg chun an spás gréine a thógáil san áit a thaispeántar.

**(b)** Luaigh an t-eolas a chaithfidh a bheith i n**gach** ceann de na doiciméid phleanála seo a leanas:

- léarscáil de leagan amach an láithreáin
- fógra pleanála i nuachtán.

**(c)** Pléigh cúis **amháin** a dtugann údarás pleanála cead don phobal amharc ar na doiciméid phleanála go léir nuair a chuirtear isteach iarratas pleanála.

**5.** Taispeánann an sceitse cuid de staighre adhmaid a bhfuil stiall ghearrtha ann. Leanann an staighre go léibheann beag cheann staighre, mar a thaispeántar. Tá cuaille an staighre 100 mm × 100 mm agus tá na balastair 50 mm × 50 mm.
Is é airde gach céim ná 175 mm.




**(a)** Tarraing, de réir scála 1:5, gearradh ceartingearach trí na **trí** chéim is íochtaraí den staighre. Taispeáin an stiall ghearrtha, cuaille an staighre, an lámhráille agus na balastair.

**(b)** Taispeáin ar do líníocht conas a nasctar balastar **amháin** go daingean leis an gcéim.


**6.** **(a)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** réamhchúram sábháilteachta ar leith nach mór cloí leo sa seomra an Staidéir Fhoirgníochta i n**gach** ceann de na cásanna seo a leanas:

- sceanóg a úsáid chun cairtpháipéar múnlaithe a ghearradh
- siséal a iompar
- greamachán teagmhála a úsáid.



**(b)** Bain úsáid as nótaí agus sceitsí saorláimhe agus déan cur síos ar **thrí** réamhchúraim shábháilteachta ar leith nach mór cloí leo agus babhla adhmaid á dheileadh ar an deil, mar a thaispeántar. Tabhair fáth **amháin** le gach réamhchúram sábháilteachta a luaitear.

**7.** Tá landair neamh-ualachiompartha de stoda adhmaid, a bhfuil bailchríoch phlástarchláir uirthi, idir dhá sheomra leapa ar urlár na talún i dteach. Tá doras soladach adhmaid feistithe sa landair stoda, mar a thaispeántar.



**(a)** Ag baint úsáide as nótaí agus sceitsí saorláimhe duit, taispeáin sonraí tipiciúla tógála na landaire stoda. Taispeáin go soiléir an obair stoda is gá chun fráma an dorais a ghlacadh. Léirigh ainmneacha agus gnáth-thoisí na gcomhbhall uile ar do sceitse.


**(b)** Ar sceitse ar leith le lipéid, taispeáin modh **amháin** a chabhródh le tarchur na fuaime tríd an landair stoda a laghdú.

**(c)** Déan cur síos gairid ar mhodh **amháin** le bailchríoch dhromchla a chur ar an bplástarchlár sula gcuirtear péint air.

**8.** Bain úsáid as nótaí agus sceitsí saorláimhe agus mínigh **cúig** cinn ar bith díobh seo a leanas:

- comhla luamháin
- droichead teirmeach
- leas gréine
- alt moirtíse agus tionúir
- leithreas dé shruthlaithe
- gloiniú astúcháin íseal
- balla dóib
- méadar cliste
- fánán rochtana.

**9.** Taispeánann sa sceitse seomra gairdín atá neamh dhíobhálach don timpeallacht agus a bhfuil cumhdach seachtrach adhmaid air.



**(a)** Ainmnigh adhmad a bheadh oiriúnach don chumhdach seachtrach agus tabhair **dhá** chúis le do rogha adhmad.

**(b)** Mol bailchríoch fhorchurtha chun an cumhdach seachtrach a chaomhnú. Bain úsáid as nótaí agus sceitsí saorláimhe agus déan cur síos ar na céimeanna atá i gceist chun an t-adhmad a ullmhú agus an bhailchríoch a mholtar a chur air.

**(c)** Pléigh **dhá** ghné den dearadh a chinntíonn go bhfuil an seomra gairdín neamhdhíobhálach don timpeallacht.

**Leathanach Bán**

2016 M.77(L)

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
*State Examinations Commission*

***Scrúdú Ardteistiméireachta, 2016***
***Leaving Certificate Examination, 2016***

# *Staidéar Foirgníochta*
## *Triail Phraiticiúil*

# *Construction Studies*
## *Practical Test*


*(150 marc/marks)*

## *Duration: 4:00 hours*
## *Fad: 4:00 uair an chloig*


**Note:** For clarity, some hidden detail has been omitted from this drawing.
**Nóta:** Tá roinnt sonraí fágtha ar lár as an líníocht seo ar mhaithe le soiléireacht.

Hand up this examination paper to the **Superintendent** at the end of examination.
Tabhair ar ais an scrúdpháipéar seo don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.


# Stand for tablet computer
# Seastán do ríomhaire táibléid





Elevation / Aghaidhchló





End View / Taobhchló





Plan / Bonnchló




***Note:*** Hand up this examination paper to the **Superintendent** at the end of the examination.

***Nóta:*** Tabhair ar ais an scrúdpháipéar seo don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.



Hand up this examination paper to the **Superintendent** at the end of the examination.

Tabhair ar ais an scrúdpháipéar seo don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.